Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh

Dialann don Oideachas Reiligiúnach

Iomlán na Marcanna: 100

Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. BLIAIN an iarratais:

3. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ GO LÉIR ISTEACH SA LEABHRÁN SEO.

4. NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA CÚIG ROINN SA LEABHRÁN SEO.

Don Scrúdaitheoir Amháin

Taispeáin le do thoil an leibhéal a rinne an t-iarrthóir sa scrúdú. Gnáthleibhéal ☐
(*Cuir tic ✓ sa bhosca cuí*) Ardleibhéal ☐

Nóta: Aistrigh an Marc ar an Dialann chuig an ngreille ar fhreagarleabhar an scrúdaithe.

	Marc
ROINN A hAON	
ROINN A DÓ	
ROINN A TRÍ	
ROINN A CEATHAIR	
ROINN A CÚIG	
Marc ar an Dialann	

PRACTICE PURPOSES ONLY

TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA CHUN AN DIALANN A CHOMHLÁNÚ

Tá na teidil chéanna don saothar dialainne iriseáin ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Iarrtar ar iarrthóirí saothar dialainne a chur isteach ar **aon** teideal amháin díobh.
Is ceadmhach d'iarrthóirí, agus iad ag dul i mbun saothar dialainne, oibriú ina ngrúpaí nó cuairt a thabhairt nó fiosrúchán a dhéanamh mar rang iomlán. Ní mór do gach iarrthóir dialann aonair a chomhlánú agus a chur isteach le haghaidh measúnachta, áfach.
Is féidir na ciúnna/noda i ngach rannóg den leabhrán seo a úsáid de réir mar is cuí, mar chúnamh d'iarrthóirí agus an dialann á chomhlánú acu.
Is ceadmhach d'iarrthóirí léaráidí a tharraingt go díreach sa dialann. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal ná a fheistiú den dialann.

*Agus **Rannóg a hAon – Réamhrá** den Dialann á comhlánú ba chóir don iarrthóir:*

- A chur in iúl cé acu a rinne sé/sí an obair ina (h)aonar, nó mar bhall de ghrúpa/rang iomlán
- An teideal a roghnaigh sé/sí ón liosta a leagadh síos don saothar dialainne a shainaithint
- Teideal pearsanta a chur ar an saothar dialainne a bheidh ag teacht leis an teideal a leagadh síos agus a léiríonn taithí phearsanta an iarrthóra féin
- A lua cén fáth ar roghnaigh sé/sí an teideal áirithe seo. A mhíniú cén chaoi ar spreag an teideal a roghnaigh sé/sí spéis nó díograis phearsanta ann/inti nó cén bealach ar ábhar cúraim ar leith aige/aici é an topaic áirithe seo
- Cur síos a dhéanamh ar an méid a bhí sé/sí ag súil lena bhaint amach / a fhoghlaim / a fháil amach ó bheith ag gabháil do shaothar dialainne ar an teideal a roghnaigh sé/sí.

*Agus **Rannóg a Dó – Ag Tosú Amach** den Dialann á comhlánú ba chóir don iarrthóir:*

- Cur síos a dhéanamh ar an mbealach/na bealaí a bheartaigh sé/sí féin go pearsanta a ghabháil i mbun an teidil a roghnaigh sé/sí, agus na scileanna a bhí súil aige/aici a úsáid a shainaithint.

*Agus **Rannóg a Trí – Obair** den Dialann á comhlánú ba chóir don iarrthóir:*

- Cur síos a dhéanamh ar an obair a rinne sé/sí go pearsanta. Má rinne an t-iarrthóir saothar dialainne mar bhall de ghrúpa/rang iomlán, ba chóir dó/di cuntas a thabhairt ar an obair a rinne an grúpa nó an rang iomlán, chomh maith leis an obair a rinne sé/sí féin go pearsanta
- A rá cén fáth ar roghnaigh sé/sí an bealach áirithe seo chun saothar dialainne a dhéanamh
- Cur síos a dhéanamh ar an bhfreagairt a bhí aige/aici don obair a rinneadh ar mhaithe leis an dialann. Má rinne an t-iarrthóir saothar dialainne mar bhall de ghrúpa/rang iomlán, ba chóir dó/di cur síos a dhéanamh ar an bhfreagairt a bhí ag an ngrúpa nó ag an rang iomlán, agus a rá an raibh an fhreagairt sin cosúil, nó éagsúil, leis an bhfreagairt phearsanta aige/aici féin.

*Agus **Rannóg a Ceathair – Fionnachtana** den Dialann á comhlánú ba chóir don iarrthóir:*

- A rá cad a d'fhoghlaim sé/sí ón saothar dialainne a dhéanamh ar an teideal a roghnaigh sé/sí
- Cuntas a thabhairt ar an gcaoi a ndeachaigh an saothar dialainne i bhfeidhm air/uirthi
- Dhá scil a d'úsáid sé/sí sa saothar dialainne ar an teideal seo a aithint agus cuntas a thabhairt ar an gcaoi ar úsáid sé/sí iad
- Dhá nasc idir an saothar dialainne aige/aici agus gnéithe eile den chúrsa don Oideachas Reiligiúnach sa Teastas Sóisearach a aithint.

*Agus **Rannóg a Cúig – Súil Siar** den Dialann á comhlánú ba chóir don iarrthóir:*

- Athmhachnamh agus luacháil a dhéanamh ar an gcur chuige a bhí aige/aici sa saothar dialainne ar an teideal a roghnaigh sé/sí
- A chur in iúl cé na gnéithe den saothar dialainne ar éirigh go maith leo
- A rá cén chaoi a dtabharfadh sé/sí faoin saothar dialainne ar bhealach éagsúil dá mbeadh sé/sí ag tosú as an nua.

PRACTICE PURPOSES ONLY

ROINN A hAON

RÉAMHRÁ

GRÚPA / DUINE AONAIR

An ndearna tú an saothar dialainne i d'aonar nó mar bhall de ghrúpa? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí.)

Saothar dialainne i m'aonar ☐ Saothar dialainne mar bhall de ghrúpa ☐

TEIDEAL

Is é an teideal a roghnaigh mé don saothar dialainne ná…

Is é an teideal pearsanta atá agam ar mo shaothar dialainne ná…

(2 mharc)

Roghnaigh mé an teideal seo toisc…

(4 mharc)

AG TOSÚ AMACH

Is é rud a raibh súil agam leis agus mé ag déanamh saothar dialainne ar an teideal seo …

Cén rud a raibh súil agat é a bhaint amach as saothar dialainne a dhéanamh ar an teideal seo?

(6 mharc)

PRACTICE PURPOSES ONLY

ROINN A DÓ

AG TOSÚ AMACH

ULLMHÚCHÁN

Mar ullmhúchán don saothar dialainne agam rinne mé …

Cuimhnigh orthu seo mar shampla:

Cad iad na fadhbanna ar thug tú aghaidh orthu agus tú ag beartú saothar dialainne a dhéanamh ar an teideal seo?

Cad iad na taisc a bheartaigh tú a chur i gcrích?

Cén taighde a bheartaigh tú a dhéanamh?

Cérbh iad na daoine ar bheartaigh tú teagmháil leo/agallamh a chur orthu?

Cad iad na socruithe / pleananna a rinne tú le haghaidh cuairteanna nó ócáidí?

Etc.

(12 mharc)

PRACTICE PURPOSES ONLY

ROINN A TRÍ

OBAIR

TUAIRISCIÚ

Chun an saothar dialainne agam a dhéanamh rinne mé …

Cuimhnigh orthu seo mar shampla:

Cén obair go díreach a rinne tú chun do dhialann ar an teideal seo a chomhlánú?

Má rinne tú do shaothar dialainne mar bhall de ghrúpa, ná déan dearmad breac-chuntas a thabhairt ar an obair a rinne an chuid eile den ghrúpa.

Cad iad na taisc a cuireadh i gcrích, na hócáidí ar fhreastail tú orthu nó na gníomhaíochtaí a eagraíodh mar chuid den saothar dialainne agat?

Etc.

(12 mharc)

PRACTICE PURPOSES ONLY

ROINN A TRÍ

OBAIR *(ar lean)*

Chuir mé é seo san áireamh i mo shaothar dialainne toisc …

Cén fáth ar chuir tú na taisc/ na hócáidí/ na gníomhaíochtaí seo san áireamh mar chuid den saothar dialainne agat?

(6 mharc)

DO FHREAGAIRT

Ba é mo fhreagairt don obair seo a chur i gcrích ná …

Cén fhreagairt a bhí agat do na taisc/na hócáidí / na gníomhaíochtaí seo i dtús ama?
Cén chuid den obair ba mhó ar chuir tú spéis ann?
Cén fáth?
Cén chuid den obair ba dheacra?
Cén fáth?
Má bhí tú ag obair mar bhall de ghrúpa cén fhreagairt a bhí ag do ghrúpa do na taisc/na hócáidí / na gníomhaíochtaí seo?
Cén chaoi a raibh sé seo cosúil, nó éagsúil, le do fhreagairt féin?
Etc.

(6 mharc)

PRACTICE PURPOSES ONLY

ROINN A CEATHAIR

FIONNACHTANA

FOGHLAIM

D'fhoghlaim mé …

Cuimhnigh orthu seo mar shampla:

Cad a d'fhoghlaim tú ón obair a rinne tú ar an teideal seo i gcomhair do dhialainne?

(10 marc)

Mar thoradh ar an méid a d'fhoghlaim mé …

Cuimhnigh orthu seo mar shampla:

Cén tionchar a bhí ag an saothar dialainne a rinne tú ar an teideal seo ort?

An bhfuil athrú ar do mheon?

An bhfuil athrú ar do thuairim?

Etc.

(10 marc)

PRACTICE PURPOSES ONLY

ROINN A CEATHAIR

FIONNACHTANA *(ar lean)*

SCILEANNA

Cuir tic ✓ le **dhá** cheann de na scileanna seo a leanas a d'úsáid tú sa saothar dialainne agat, agus mínigh cén chaoi ar úsáid tú na scileanna seo.

Scileanna fiosrúcháin ☐ Scileanna breathnóireachta ☐ Scileanna réitithe fadhbanna ☐

Scileanna taighde ☐ Scileanna machnaimh ☐ Scileanna eagrúcháin ☐ Scileanna luachála ☐

i. *Bhain mé úsáid as scileanna* _____

nuair …

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

(5 mharc)

ii. *Bhain mé úsáid as scileanna* _____

nuair …

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

(5 mharc)

PRACTICE PURPOSES ONLY

ROINN A CEATHAIR

FIONNACHTANA *(ar lean)*

NASCADH

i. *Thug mo shaothar dialainne chun cuimhne mo chuid staidéir ar …*

Cad iad na hábhair / na téamaí a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa san Oideachas Reiligiúnach le trí bliana anuas a raibh baint acu leis an méid a fuair tú amach sa saothar dialainne?

toisc…

(6 mharc)

ii. *Thug mo shaothar dialainne chun cuimhne mo chuid staidéir ar …*

toisc…

(6 mharc)

PRACTICE PURPOSES ONLY

ROINN A CÚIG

SÚIL SIAR

MACHNAMH

Ag féachaint siar dom ar mo thaithí ar shaothar dialainne a dhéanamh ar an teideal seo …

Cuimhnigh orthu seo mar shampla:

Cad iad na gnéithe ar éirigh go maith leo sa saothar dialainne agat, dar leat?

Dá mbeifeá ag tosú amach arís an ndéanfá an saothar dialainne ar an teideal seo ar bhealach éagsúil?

Samhlaigh go bhfuil duine éigin i do scoil ag tosú amach ar shaothar dialainne agus gur roghnaigh sé/sí an teideal céanna agus a bhí agatsa.

Cén chomhairle a chuirfeá air/uirthi?

Etc.

(10 marc)

PRACTICE PURPOSES ONLY